C/2024/1565

5.3.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Géarchéim na haeráide agus an tionchar a imríonn sí ar ghrúpaí leochaileacha

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/1565)

Rapóirtéir: **Ioannis VARDAKASTANIS**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.2.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	21.11.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	13.12.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	583
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	152/00/04

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. De dheasca ghéarchéim na haeráide, tá méadú tagtha cheana féin ar theagmhais adhaimsire amhail stoirmeacha, dóiteáin foraoise agus tuilte, rud a chuireann isteach go mór ar phobail leochaileacha ar fud an domhain agus a chuireann leis an ngéarghá le bearta oiriúnaitheacha agus athléimneacht an phobail a fhorbairt. Tá an patrún tubaisteach sin le feiceáil anois freisin i réigiúin nua nach raibh feiniméin mar sin acu riamh roimhe seo. Tá gá le cur chuige comhchoiteann agus comhtháiteach, agus ba cheart do na geallsealbhóirí uile tabhairt faoina gcuid freagrachtaí. Ba cheart an réimse ionstraimí polaitiúla agus dlíthiúla a neartú, agus cur chun feidhme na n-ionstraimí atá ann cheana a neartú tuilleadh.

1.2. Cé go meastar go mbeidh éifeachtaí fíordhiúltacha ag géarchéim na haeráide ar fud tíortha agus aicmí sóisialta, beidh tionchar díréireach aici ar ghrúpaí leochaileacha. Beidh tionchar mór ag éifeachtaí na géarchéime aeráide ar mhná, ar leanaí, ar dhaoine bochta, ar dhaoine dífhostaithe, ar mhionlaigh, ar inimircigh agus ar dhaoine faoi mhíchumas agus is iadsan is mó a bheidh thíos léi mar gheall ar theipeanna beartais ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda.

1.3. Níl grúpaí leochaileacha chomh hullamh céanna chun aghaidh a thabhairt ar na hathruithe a thiocfaidh ar a gcaighdeáin mhaireachtála sna blianta amach romhainn de dheasca ghéarchéim na haeráide agus is lú na hacmhainní atá ar fáil dóibh chun maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá baol nach beag ann maidir le cur chun feidhme a gceart bunúsach.

1.4. Ba cheart béim a leagan, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), ar ghnéithe sóisialta an aistrithe chóir, agus aird ar leith á tabhairt ar earnálacha ríthábhachtacha amhail an turasóireacht agus an talmhaíocht.

1.5. Tá saincheisteanna a bhaineann leis an gceartas, leis an gcothroime agus leis an gcuimsitheacht fíorthábhachtach, ós rud é go bhféadfaí cur leis na neamhionannais ioncaim agus shóisialta atá ann cheana agus tús á chur le ré an fhuinnimh ghlais. Is díol sásaimh iad na tionscnaimh riachtanacha amhail Ciste Aeráide Sóisialta an Aontais agus Sásra Coigeartaithe Aeráide an Aontais ([1]), ach is gá iad a fhorlíonadh le hionstraimí breise ionas go bhfreastalófar ar bhealach éifeachtach ar dhúshláin agus éilimh uile an aistrithe. Tá sé ríthábhachtach béim a leagan ar leanaí agus ar shaincheisteanna an cheartais idirghlúine.

1.6. Is cúram mór é deiseanna a chur ar fáil do ghrúpaí leochaileacha chun scileanna atá luachmhar sa gheilleagar glas a shealbhú ach is céim ríthábhachtach é sin chun bochtaineacht fuinnimh a chosc.

([1]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An Ciste Coigeartaithe Aeráide á mhaoiniú tríd an gCiste Comhtháthaithe agus NextGenerationEU (IO C 486, 21.12.2022, lch. 23).

1.7. Baineann tábhacht ar leith leis na hionstraimí forlíontacha arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar éilimh an aistrithe fuinnimh. Is féidir leis an gCiste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta cabhrú freisin chun an sprioc thuasluaite a bhaint amach, is é sin dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, ach tá géarghá san am céanna le tuilleadh gníomhaíochta chun straitéis pholaitiúil agus shóisialta chuimsitheach de chuid an Aontais a fhorbairt. Leis an méadú atá ag teacht ar líon na dtubaistí a bhaineann leis an ngéarchéim aeráide, leagtar béim ar an ngá atá le borradh a chur faoi chumas an Aontais freagairt ar bhealach réamhghníomhach seachas frithghníomhach do na héigeandálaí sin ar fad. Is féidir leis an Sásra Coigeartaithe Aeráide teacht chun cinn mar uirlis ríthábhachtach ina leith sin.

1.8. Tá sé ríthábhachtach féachaint ar aon fhorluí a d'fhéadfadh a bheith idir tionchair an athraithe aeráide, grúpaí leochaileacha agus neamhionannais shóisialta agus tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh an t-athrú aeráide agus an t-aistriú chuig fuinneamh glas cur leis an éagóir shóisialta agus chomhshaoil atá ann cheana, go háirithe ós rud é gur dóchúla gur faoi na pobail imeallaithe a bheidh sé ualach díréireach na géarchéime aeráide a iompar. Dea-shampla de sin is ea imscrúdú a dhéanamh ar nochtadh díréireach na bpobal imeallaithe don truailliú aeir toisc saoráidí tionsclaíocha a bheith lonnaithe ina gcomharsanachtaí, agus ar na héifeachtaí dochracha atá aige sin ar a sláinte fhisiciúil agus ar a meabhairshláinte. Ba cheart dearcadh iomlánaíoch a bheith mar bhonn leis na bearta sin lena gcuirtear tacaíocht ar fáil do ghrúpaí leochaileacha agus do theaghlaigh a ndéantar difear dóibh, lena n-áirítear úsáid ionstraimí beartais shóisialta ([2]).

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Teipeanna beartais ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda a bhaineann leis an ngéarchéim aeráide, bíonn tionchar díréireach acu ar ghrúpaí leochaileacha, agus bíonn dúshláin ollmhóra rompu maidir le dul in oiriúint d'éifeachtaí an athraithe aeráide agus iad a mhaolú. Tá rochtain theoranta i gcónaí ag grúpaí leochaileacha ar na hacmhainní atá ar fáil don mhaolú ar an athrú aeráide agus don oiriúnú don athrú aeráide. Mar shampla, is fiú anailís a dhéanamh ar an tionchar díréireach a bhíonn ag imeachtaí adhaimsire ar phobail imeallaithe, cuir i gcás tuilte i gcomharsanachtaí ísealioncaim a mbíonn easáitiú agus caillteanas slite beatha mar thoradh orthu.

2.2. Tá bochtaineacht fuinnimh tagtha chun cinn cheana féin mar phríomhdhúshlán sóisialta ó thosaigh an ghéarchéim sa mhargadh fuinnimh, rud a tharla mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Imeachtaí straitéiseacha ba chúis leis an ngéarchéim sa mhargadh fuinnimh as ar eascair dúshláin shóisialta agus tá bearta práinneacha de dhíth anois chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus chun comhionannas sóisialta a áirithiú, go háirithe agus costais mhaireachtála dulta i méid de bharr ghéarchéim na haeráide agus an aistrithe chuig fuinneamh glas. Is éard is dóichí go mbeidh an méid sin ina bhagairt thromchúiseach ar chomhionannas sóisialta san Eoraip mura nglacfar bearta práinneacha.

2.3. Is iad mná, go háirithe sa Domhan Theas, a bheidh faoi mhíbhuntáiste mór mar gheall ar an ngéarchéim aeráide. I réigiúin ina bhfuil easpa saoráidí uisce, sláintíochta agus sláinteachais agus ina bhfuil mná fós freagrach as soláthar uisce a dteaghlaigh, is ualach trom breise an ghéarchéim uisce. Thairis sin, mar gheall ar an gcur isteach eacnamaíoch is dócha a bheidh ann de dheasca ghéarchéim na haeráide, cuirfear bac eile ar rochtain na mban ar fhostaíocht, ar chobhsaíocht ioncaim, ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar shlándáil post.

2.4. Is cosúil go mbeidh dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo roimh fheirmeoirí toisc go bhfuil an gaineamhlú agus struis eile maidir le huisce ag bagairt ar réigiún na Meánmhara agus ar mhór-réigiúin talmhaíochta eile san Eoraip. Caolseans go mbeidh an talmhaíocht fós inbhuanaithe i gceantair mhóra i ndeisceart na hEorpa, áit a mbeidh ganntanas criticiúil uisce mar gheall ar an laghdú ar an mbáisteach agus bainistiú neamh-inbhuanaithe uisce. Ní leor go fóill na léargais atá déanta ar na hiarmhairtí socheacnamaíocha a bhaineann le patrúin báistí atá ag athrú agus leis an strus teasa ar tháirgeacht barr agus ar shlite beatha.

2.5. Meastar, freisin, go mbeidh deacrachtaí ollmhóra ag daoine bochta i gceantair uirbeacha i dtaca le dul in oiriúint do dhálaí na géarchéime aeráide, agus iad ag maireachtáil sna comharsanachtaí is lú atá inbhuanaithe agus sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de sna cathracha móra; tiocfaidh meath tobann ar a gcaighdeáin mhaireachtála gan na scileanna ná na hacmhainní acu chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Ina theannta sin, tá seans thart ar 15 % níos mó ann go mbeidh cónaí ar dhaoine aonair sna grúpaí leochaileacha sóisialta sin i gceantair ina bhfuiltear ag tuar go dtiocfaidh an méadú is mó ar dhiagnóisiú plúchadh i leanaí, rud atá bainteach le truailliú cáithníní aeir faoi thionchar na haeráide, é sin nó i gceantair ina meastar go mbeidh an céatadán is airde talún faoi uisce mar gheall ar ardú ar leibhéal na mara ([3]).

([2]) https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/publications-other-work/publications/cost-climate-change-households-and-families-eu.

([3]) Gníomhaireacht na Stát Aontaithe um Chaomhnú an Chomhshaoil (EPA), *Climate Change and Social Vulnerability in the United States: A Focus on Six Impacts*, Washington DC, 2021.

2.6. Déanfar difear ar leith do phobail oileánacha agus chósta toisc go mbeidh slite beatha na bpobal sin i mbaol mar gheall ar chreimeadh talún agus ardú ar leibhéal na mara, rud a chaithfidh amhras ar inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha traidisiúnta. Áirítear leis sin pobail a bhfuil cónaí orthu in ataill nó cóngarach do sceireacha coiréil san Atlantach, san Aigéan Ciúin agus san Aigéan Indiach.

2.7. Is dócha go mbeidh brú ollmhór ar shlí bheatha na bpobal dúchasach idir an tArtach agus an Amasóin agus idir an Indinéis agus an Congó mar thoradh ar thionchar na géarchéime aeráide ar an éiceachóras agus ar a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha. Is gá scrúdú a dhéanamh ar leochaileachtaí sonracha agus tionchair shonracha an athraithe aeráide ar phobail dhúchasacha, chomh maith le grinnscrúdú a dhéanamh ar an eolas traidisiúnta agus na cleachtais thraidisiúnta a chuireann le hathléimneacht i leith an athraithe aeráide.

2.8. Is dócha go mbeidh dúshláin mhóra le sárú ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine scothaosta mar gheall ar an ngéarchéim aeráide ós rud é go dtiocfaidh méadú ar na rátaí báis i measc grúpaí leochaileacha de dheasca na dtonnta teasa. Anuas air sin, ní bheidh an rochtain chéanna a thuilleadh ar spás poiblí mar gheall ar theagmhais adhaimsire agus éigeandálaí atá bainteach le géarchéim na haeráide.

2.9. Tá seans maith go mbeidh tionchar díréireach ag géarchéim na haeráide ar roinnt réigiún ar domhan a bhfuil a ngeilleagair fós ag brath go mór ar an talmhaíocht, amhail an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh (réigiún MENA) agus an Afraic fho-Shahárach ([4]). Geilleagair thalmhaíochta i réigiúin ollmhóra is dóichí a bheidh thíos leis sin agus ní hionadh ar bith a bheadh ann dá mbeadh díchobhsú polaitiúil agus méadú mór ar bhrúnna imirce i dtreo an Domhain Thuaidh mar thoradh air sin.

2.10. I roinnt mhaith tíortha ina bhfuil neamhionannas polaitiúil agus sóisialta le sárú ag grúpaí mionlaigh, is mó an seans go gcuirfidh géarchéim na haeráide leis na deighiltí agus leis na neamhionannais atá ann cheana toisc go mbeidh rochtain fhabhrach ag grúpaí ceannasacha ar na hacmhainní coiteanna sin atá ag dul i laghad. Mar gheall ar na coinbhleachtaí uisce atá ann cheana a bheith dulta in olcas, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí tuilleadh díchobhsaithe ar réigiúin atá thíos le coinbhleacht fhadtréimhseach cheana féin, amhail Iosrael agus an Phalaistín, an tSiria agus an Libia.

2.11. Mar gheall ar an tsoghluaisteacht laghdaithe agus an dlúthcheangal atá acu lena dtithe, is dóichí go mbeidh tionchar ollmhór ag géarchéim na haeráide ar dhaoine scothaosta de réir mar a thagann méadú ar na rátaí báis de dheasca na dtonnta teasa agus ós rud é go bhfuil na háiteanna ina bhfuil cónaí orthu leis na blianta ar na háiteanna is mó a mbeidh tionchar ag géarchéime na haeráide orthu. Sampla de sin is ea daoine scothaosta san Ísiltír a bhfuil cónaí orthu i limistéir ísle atá thar a bheith leochaileach ó thaobh ardú leibhéil na mara agus baol méadaithe tuilte de dheasca na géarchéime aeráide.

2.12. Is iad na leanaí is lú atá freagrach as an athrú aeráide, ach is iad na daoine óga agus na glúnta atá le teacht a iompróidh iarmhairtí an athraithe sin. Gné riachtanach d'aon idirghabháil beartais lena dtugtar aghaidh ar thionchar na géarchéime aeráide is ea an ceartas idirghlúine.

2.13. Tá inimircigh agus dídeanaithe fós i measc na ngrúpaí is leochailí ó thaobh na géarchéime aeráide de, ós rud é nach bhfuil siad faoi chosaint leordhóthanach go fóill ag stát leasa a dtíortha óstacha faoi seach agus gur dócha go mbeidh cónaí orthu sna comharsanachtaí agus sna cúigí is leochailí i leith an athraithe aeráide. Ina theannta sin, is ag inimircigh agus ag dídeanaithe atá an rochtain is lú ar na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an aistriú chuig fuinneamh glas.

2.14. Is ríthábhachtach, freisin, na dúshláin atá os comhair grúpaí leochaileacha i gceantair uirbeacha i ngeall ar an athrú aeráide. Tá sé riachtanach anailís a dhéanamh ar thionchar tonnta teasa, oileán teasa uirbeach agus tuilte ar phobail imeallaithe i gcathracha agus straitéisí a fhiosrú chun athléimneacht uirbeach a fheabhsú agus bearta oiriúnaithe cothroma a chur chun cinn. Mar chuid de sin, d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag ardú leibhéil na farraige ar chathracha cósta agus ar an easáitiú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar phobail ar ioncam íseal a bhfuil cónaí orthu i gceantair ina mbíonn tuilte.

2.15. Ní hamháin go mbíonn dúshláin ollmhóra roimh ghrúpaí leochaileacha de thoradh ghéarchéim na haeráide ach bíonn dúshláin ollmhóra le sárú ag éiceachórais leochaileacha freisin, agus ba cheart aird an phobail idirnáisiúnta a dhíriú ar an méid sin. Is iomaí cás ina mbíonn grúpaí agus pobail leochaileacha ag brath ar éiceachórais leochaileacha. Mar thoradh air sin, is troime na bagairtí a chuirtear orthu ó ghuaiseacha nádúrtha mar aon le guaiseacha ar toradh ar an athrú aeráide iad. Ní foláir nó go mbeidh comhbhabhtálacha agus roghanna beartais tábhachtacha i gceist leis na straitéisí oiriúnaithe sa chomhthéacs sin ([5]).

([4]) UCESA, *Climate change and its consequences: The voice of the African citizens*, Glaschú, 10 Samhain 2021.

([5]) An Sainghrúpa maidir leis na Tíortha is Lú Forbairt, *Considerations Regarding Vulnerable Groups, Communities and Ecosystems in the Context of the National Adaptation Plans*, Bonn: Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide, 2018, lch. 34, Gníomhaireacht na Stát Aontaithe um Chaomhnú an Chomhshaoil (EPA), *Climate Change Impacts on Air Quality*.

2.16. Is iomaí grúpa atá leochaileach ar bhonn sóisialta atá ina gcónaí i gceantair thionsclaíocha nó uirbeacha ina bhfuil ardleibhéil truaillithe aeir. Is mó an seans go mbeidh cónaí ar phobail Romacha san Aontas Eorpach i gceantair inar dócha go mbeidh drochthionchar ag athruithe a bhaineann leis an aeráid ar an tsláinte. Tá daoine áirithe níos leochailí fós maidir leis an tionchar a bhíonn ag truailliú aeir ar a sláinte fhisiciúil agus ar a meabhairshláinte toisc riocht sláinte ainsealach a bheith orthu. Cuir i gcás, is minic rátaí níos airde galar croí, plúchadh agus galar scamhóige toirmeascach ainsealach i measc pobail eitneacha áirithe, ag grúpaí ísealioncaim, ag pobail dhúchasacha agus ag grúpaí inimirceach ná mar a bhíonn ag grúpaí eile ([6]).

3. **An tAthrú Aeráide, Grúpaí Leochaileacha agus an tAistriú Fuinnimh**

3.1. Is dócha go mbeidh deacrachtaí suntasacha ag grúpaí leochaileacha leis an aistriú fuinnimh glan agus cóir. Na grúpaí sin atá fostaithe in earnálacha amhail talmhaíocht, iompar, an earnáil tógála agus tithíocht agus atá i mbaol na dífhostaíochta cheana féin, is bagairt eile orthu an méadú ar an dífhostaíocht in earnálacha áirithe mar gheall ar an aistriú sin. Na daoine a bhfuil roghanna fostaíochta teoranta acu toisc iad a bheith sách sean nó toisc nach bhfuil dóthain scileanna gairmiúla acu chun bogadh chuig earnáil nua, is iadsan is mó a mbeidh tionchar ag an dífhostaíocht a bheidh mar thoradh ar an aistriú sin orthu.

3.2. Tá athrú tábhachtach tagtha ar thosaíochtaí taighde; seachas iniúchadh a dhéanamh ar theagmhais aeráide nó adhaimsire, déantar scrúdú ar na tionchair a bhíonn ag na rudaí sin ar dhaoine agus ar chórais agus ar na neamhionannais shistéamacha shóisialta agus eacnamaíocha a chuireann le nochtadh agus leochaileacht na ndaoine i leith na nithe céanna. Tá sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar na tionchair dhifreálacha atá ag an aistriú chuig geilleagar glas ar dhaoine, ar phobail agus ar chórais má táthar chun freagra saincheaptha agus gníomhaíochtaí oiriúnaithe a fhorbairt lena n-áireofar raon leathan geallsealbhóirí agus lena ndéanfar costais an aistrithe a dháileadh ar bhealach cóir agus cothrom ([7]).

3.3. Is deacair an rud é dul i ngleic leis na costais mhaireachtála níos airde a bhaineann leis an aistriú chuig fuinneamh glas ach ní mór aghaidh a thabhairt orthu a luaithe is féidir ionas nach gcaithfidh pobalóirí agus fir faille anuas ar an aistriú fuinnimh.

3.4. Is éard is dóichí go mbeidh sé níos deacra do theaghlaigh na hEorpa costais fuinnimh a sheasamh i margadh fuinnimh atá ag athrú go tapa agus a bhfuil mórshuaitheadh straitéiseach ag dul i ngleic leis freisin. Níor tapaíodh i gceart go fóill na deiseanna atá ann do theaghlaigh na hEorpa a bheith neamhspleách ó thaobh fuinnimh de trína gcuid fuinnimh féin a tháirgeadh ar bhealaí in-athnuaite nó trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh.

3.5. Ba cheart grinnscrúdú a dhéanamh, freisin, ar iarmhairtí an athraithe aeráide ar an meabhairshláinte: bíonn tionchar díreach agus indíreach ag an ngéarchéim aeráide ar mheabhairshláinte daoine. Sampla soiléir de sin is ea na tubaistí nádúrtha. Sna Stáit Aontaithe cruthaíodh disciplín leighis nua ar a dtugtar an éicea-síceolaíocht chun staidéar a dhéanamh ar an bhfeiniméan seo.

3.6. Má tá rath le bheith ar an aistriú fuinnimh, ní mór dó freastal ar leas an phobail: caithfidh gurb iad na daoine is ábhar agus is cúis leis. Fágann sin go bhfuil bearta athdháilte airgeadais riachtanach, ach nach leor iad chun dul i ngleic leis an ngéarchéim. Na tionscnaimh choisctheacha agus struchtúrtha ar gach leibhéal rialachais, is forlíontaí bunriachtanacha iad do na hionstraimí athdháilte airgeadais lena bhféadfaí rioscaí na bochtaineachta fuinnimh ní hamháin a mhaolú ach a aisiompú freisin ([8]).

3.7. Féadfaidh éifeachtaí suaiteacha a bheith ag an aistriú i dtreo fuinneamh nua ar mhargadh an tsaothair agus ar earnálacha ísealioncaim amhail earnáil an iompair, earnáil na tógála agus earnáil na tithíochta. Tá ardrioscaí dífhostaíochta ann i gcónaí do ghrúpaí imeallaithe a bhfuil post acu in earnálacha leochaileacha, agus tá rochtain theoranta ar dheiseanna d'inimircigh agus do dhídeanaithe san aistriú chuig fuinneamh glas. Tá sé thar a bheith tábhachtach a áirithiú go mbeidh an t-aistriú sin cóir agus go ndíreofar ar scileanna a fhorbairt don gheilleagar glas, mar shampla, trí scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin atá le sárú ag oibrithe tógála maidir le dul in oiriúint do na cleachtais tógála inbhuanaithe agus an gá atá le cláir athoiliúna.

3.8. Tá béim á leagan ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ar an bpríomhról atá ag an oideachas agus ag an bhfothú acmhainneachta d'fhonn grúpaí leochaileacha a chumhachtú chun freagairt don athrú aeráide. Tá sé ríthábhachtach cineálacha cur chuige nuálacha a fhiosrú maidir le hoideachas a chur ar na pobail imeallaithe i leith an athraithe aeráide agus feasacht a ardú ina leith. Bheadh sé chomh tábhachtach céanna scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le cláir forbartha scileanna chun feabhas a chur ar chumas grúpaí leochaileacha iad féin a chur in oiriúint don athrú aeráide, go háirithe trí staidéar a dhéanamh ar chláir oideachais maidir leis an athrú aeráide faoi stiúir an phobail i gcomharsanachtaí atá faoi mhíbhuntáiste agus ar an tionchar a bheadh acu i dtaca le hathléimneacht agus acmhainneacht oiriúnaitheachta a fheabhsú.

([6]) Gníomhaireacht na Stát Aontaithe um Chaomhnú an Chomhshaoil (EPA), *Climate Change Impacts on Air Quality* Washington DC, 2021.

([7]) *Least Developed Countries Expert Group, Considerations Regarding Vulnerable Groups, Communities and Ecosystems in the Context of the National Adaptation Plans*, Foscríbhinn B.

([8]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Ag dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus an athléimneacht san Aontas Eorpach: dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta (IO C 486, 21.12.2022, lch. 88).

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Sna tíortha i Lár na hEorpa agus in Oirthear na hEorpa, lena n-áirítear an Úcráin agus an Mholdóiv, tá treocht na hinathraitheachta séasúraí ag éirí níos coitianta, rud a chuireann a ngeilleagair atá bunaithe ar an talmhaíocht den chuid is mó agus slite beatha na bhfeirmeoirí beaga i mbaol ([9]). I dtíortha amhail an Pholainn agus an Ungáir, is minic a bhíonn ar phobail ar ioncam íseal atá ina gcónaí i gceantair uirbeacha dul i ngleic le leibhéil níos airde truaillithe aeir, rud atá níos measa mar gheall ar thionchair an athraithe aeráide amhail tonnta teasa agus athruithe i bpatrúin na frasaíochta. Tá taifead déanta sa Bhealarúis agus san Úcráin ar an méadú mór atá tagtha ar dhóiteáin foraoise mar gheall ar na dálaí aeráide atá ag athrú, a bhfuil tionchar suntasach acu ar phobail tuaithe agus ar ghnáthóga fiadhúlra ([10]).

4.2. Sna réigiúin i bhfad ó thuaidh san Eoraip, go háirithe an Ghraonlainn, tá sealgaireacht thraidisiúnta agus stíl mhaireachtála iascaireachta na bpobal dúchasach faoi bhagairt mar gheall ar choscairt thapa na talún síorshioctha, rud a chuireann an t-éiceachóras chomh maith leis an ngeilleagar áitiúil agus grúpaí leochaileacha i mbaol ([11]). Sa Chiorcal Artach, is léir do na pobail dhúchasacha Shámacha i dtuaisceart Chríoch Lochlann go bhfuil tréadaíocht thraidisiúnta na réinfhianna agus na slite beatha iascaireachta faoi bhagairt ag na teochtaí atá ag dul in airde agus na héiceachórais atá ag athrú ([12]).

4.3. Tá gach seans go mbeidh tionchar ag meath cháilíocht an aeir de dheasca ghéarchéim na haeráide ar shláinte fhisiciúil agus ar mheabhairshláinte grúpaí leochaileacha sna hardchathracha i réigiún MENA. Is éard is dóichí go mbeidh dúshláin mhóra roimh chathracha cosúil le Cairo, Tehran nó Iostanbúl go luath amach anseo.

4.4. In oirdheisceart na hEorpa, go háirithe sa Bhulgáir agus sa Rómáin, ní mór do thíortha aghaidh a thabhairt ar thuilte agus sciorrthaí talún nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, a bhfuil tionchar tromchúiseach acu ar phobail ísealioncaim nach bhfuil acmhainní acu chun tubaistí a bhainistiú ([13]). Fuarthas go bhfuil baol ar leith ann go mbeidh tonnta teasa, triomaigh agus falscaithe i dtíortha ar fud oirdheisceart na hEorpa, lena n-áirítear an Albáin agus an Mhacadóin Thuaidh, de dheasca an athraithe aeráide, rud a dhéanfadh difear go príomha do mhuintir na tuaithe agus daoine scothaosta ([14]).

4.5. Tá baol níos mó ann go dtiocfaidh laghdú ar an mbáisteach, go dtarlóidh tonnta teasa a mbeidh gaineamhlú agus ganntanas uisce mar thoradh orthu i dtíortha na Meánmhara, amhail an Chipir, an Ghréig, an Iodáil, Málta, an Phortaingéil agus an Spáinn. Bíonn tionchar díréireach ag na coinníollacha sin ar phobail tuaithe, chósta agus oileáin, go háirithe iad siúd a bhíonn ag brath ar an bhfeirmeoireacht ([15]).

4.6. Dúshlán ollmhór roimh shlándáil agus folláine ghrúpaí leochaileacha na Meánmhara is ea na falscaithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ([16]). Mar gheall ar na dóiteáin foraoise thurraingeacha i dtuaisceart oileán Euboea na Gréige i samhradh 2022 agus i gceantar Evros na Gréige i samhradh 2023, tháinig laghdú ar gach gníomhaíocht eacnamaíoch talmhaíochta agus foraoise agus cuireadh abhaile ar dhaoine go géar na rioscaí méadaithe atá ann do ghrúpaí leochaileacha i mBallstáit an Aontais i limistéar na Meánmhara.

4.7. Tá baol nach beag roimh phobail oileánacha agus chósta i limistéar na Meánmhara mar gheall ar thuilte agus creimeadh, agus tá oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha na Meánmhara faoi bhagairt acu freisin ([17]).

4.8. Sna hardchathracha amhail Milano agus Páras, bíonn tionchar ag na hoileáin teasa uirbeacha ar dhálaí maireachtála agus sláinte na saoránach uile agus bíonn tionchar díréireach acu ar dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus orthu siúd a bhfuil riocht sláinte orthu. Is measa i bhfad atá an méid sin mar gheall ar an easpa spásanna glasa agus na saincheisteanna cáilíochta tithíochta ([18]).

An Bhruiséil, an 13 Nollaig 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE

([9]) *Climate change and agriculture in Eastern Europe*, 2022.
([10]) *Forest Fires and Climate Change in Eastern Europe*, 2023.
([11]) *Indigenous Adaptation in the Arctic*, 2023.
([12]) Forbes *et al.*, 2022.
([13]) Rasul & Balica, 2023.
([14]) An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, 2023.
([15]) *Climate change and desertification in Southern Europe*, 2023.
([16]) Angela Symons, *The Era of 'Mega Forest Fires' Has Begun in Spain. Is Climate Change to Blame?*, Euronews, 27/3/2023.
([17]) Lena Reimann *et al.*, *Mediterranean Unesco World Heritage at Risk from Coastal Flooding and Erosion Due to Sea-Level Rise, Nature Communications*, Imleabhar 9, uimh. 1 (2018).
([18]) Nidhi Singh, Saumya Singh agus RK Mall, *Urban Ecology and Human Health: Implications of Urban Heat Island, Air Pollution and Climate Change Nexus*, Urban Ecology: Elsevier, 2020.